Eagrán : Feabhra  2025

Gaelscoil Thaobh na Coille

13/02/2025

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## Lá Fhéile Vailintín - Grá, Suaimhneas & Síochán

## Scoil An-Ghnóthach Busy Weeks Ahead

Tá an t-uafás ar siúl sa scoil faoi láthair agus seachtainí an-ghnóthach os ár gcomhair don chuid eile den téarma seo. Tá Banna Ceoil na Scoile agus daltaí R3 gnóthach ag cleachtadh do Chórfhéile na Scoileanna. Tá daltaí R3 agus R4 ag tabhairt faoi ranganna rince ar an sean-nós le Sibéal Davitt agus daltaí R2 ag tabhairt faoi cheachtanna snámha.  Beidh daltaí R4B & R5A ag glacadh páirte sa Bhleaist Eolaíochta san RDS ag tús mí Márta agus daltaí R5B ag glacadh páirte sa bhFéile Scoildrámaíochta. Tá daltaí R5 agus R6 an-ghnóthach ag foghlaim an clár amhrán a bheidh á chanadh acu do Cheolchoirm Chór Náisiúnta na nÓg a bheidh ar siúl ar an 1 Aibreán san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht. Bíonn traenáil CLG ag N2 gach seachtain agus tá  tús curtha leis an traenáil don Iománaíocht agus don Chamógaíocht & beidh cluichí léige Chumann na mbunscol ag tosú gan mhoill. Beidh daltaí R4 ag glacadh páirte i gComórtas Claisceadal na Céime agus Tá daltaí R2 & R6 ag réiteach do na seirbhísí reiligiúnda, an Chéad Fhaoistin, an Chóineartú agus an Chéad Chomaoineach agus beimid ar fad ag glacadh páirte in imeachtaí Sheachtain na Gaeilge i mí Márta. Nach muidne a bheidh gnóthach!

*There is a lot going on in the school at the moment and we have a very busy few weeks ahead of us for the rest of this term. The School Band and pupils from R3 are busy rehearsing for the Córfhéile Festival. R3 and R4 are learning Sean-Nós Ddncing with Sibéal Davitt and the pupils in R2 are taking swimming lessons.  R4B & R5A will be taking part in Science Blast in the RDS at the beginning of March and R5B will be taking part in the Féile Scoildrámaíochta (School's Drama Festival). R5 and R6 are very busy learning the program of songs they will be singing for the National Children's Choir Concert which will take place on 1 April at the National Basketball Center in Tallaght. N2 have GAA training every week and training has also started in Hurling and Camogie & the Priumann na mBunscol league matches will begin shortly. R4 will be taking part in Claisceadal na Céime (Choral Competition) and R2 & R6 are preparing for the religious services, the First Communion, the First Communion and the First Communion and all  classes will be taking part in the Seachtain na Gaeilge events in March!* Won't we be busy!

## Seó Faisean 2025 Fashion Show

Beidh Seó Faisean Ghaelscoil Thaobh na Coille ar siúl in Óstán an Talbóidigh, Stigh Lorgan ar an Satharn 1ú Márta 2025.  Déan cinnte go mbailíonn tú grúpa cairde le chéile le freastal ar an oíche spraoiúil, taitneamhach seo.

€35 an ceann atá ar na ticéid. Is féidir na ticéid a cheannacht tríd an gcóras íocaíochtaí ar-líne Aladdin.

Tar amach agus léirigh tacaíocht don Scoil agus do Choiste na dTuismitheoirí atá ag cur an-chuid oibre isteach san imeacht seo a eagrú.

*Gaelscoil Thaobh na Coille's Fashion Show will take place in the Talbot Hotel, Stillorgan on Saturday 1st March 2025. Make sure you gather a crowd of friends together to attend this enjoyable event.*

*Tickets are €35 each. Tickets can be purchased through the school's Aladdin online payments system.*

*Be sure to come out and show your support for the School and the Parents'  Committee who are putting a lot of work into organising this event.*



## Scéal Naomh Vailintín

Sagart Rómhánach ab ea Vailintín a mhair sa tríú haois. Ag an am, bhí impire darbh ainm Claudius i gceannas ar an Róimh. Tugadh Claudius Cruálach ar Claudius uaireanta. Bhí baint aige le go leor cogaí agus cathanna.

Bhí arm láidir ag teastáil ó Claudius chun a chuid cogaí a throid. Ní raibh go leor fir ag iarraidh troid ina arm mar go gciallódh sé sin go mbeadh orthu a mná céile agus a bpáistí a fhágáil.

Tháinig Claudius suas le plean. Chuir sé cosc iomlán ar fhir pósadh. Chiallaigh sé sin nach mbeadh aon leithscéal acu gan dul isteach san arm agus troid ina chuid cogaí.

Chreid Vailintín gur cheart go mbeadh daoine in ann pósadh dá mba mhian leo. Agus é ina shagart, thosaigh sé ag cabhrú le daoine pósadh faoi rún. Ach fuair Claudius amach go raibh Vailintín ag pósadh daoine faoi rún. Bhí fearg mhór air agus d'ordaigh sé go ngabhfaí Vailintín agus go gcuirfí i bpríosún é.

Le linn dó a bheith sa phríosún bhí Vailintín ina mhúinteoir ag cailín darbh ainm Julia, iníon dall a phríosúnaí. Creidtear go ndearna Vailintín míorúilt nuair a d'iarr sé ar Dhia radharc na súil a thabhairt ar ais do Julia. Tar éis í a leigheas, thiontaigh athair Julia go dtí an Chríostaíocht.

An lá a fuair Vailintín bás, scríobh sé litir ag Julia agus shínigh sé 'ó do Vailintín' í. Bhí Julia in ann an nóta a léamh toisc gur leigheas Dia a daille. Fuair sé bás sé ar 14 Feabhra.

Tar éis dó bás a fháil, rinne an eaglais Chaitliceach naomh de Vailintín. Tugtar mairtíreach air. Sin duine a mharaítear mar gheall ar a gcreideamh.

Inniu ceiliúraimid Lá Fhéile Vailintín trí nótaí nó cártaí a sheoladh, bronntanais a thabhairt agus a bheith cineálta do dhaoine a bhfuil cionn againn orthu.






An raibh a fhios agat go bhfuil taise Naomh Vailintín le feiceáil i mBaile Átha Cliath? Ar an 10 Samhain, 1836, tugadh an taise ón Róimh go hÉireann agus tugadh i mórshiúl sollúnta iad go dtí Eaglais Shráid na Bráithre Báine i mBaile Átha Cliath, áit ar féidir iad a fheiceáil inniu ?

*Did you know that a Reliquary containing the remains of Saint Valentine can be seen in Dublin? They were brought from Rome*

## The Story of St Valentine

*Valentine was a Roman priest who lived during the third century. At the time, Rome was ruled by an emperor called Claudius. Claudius was sometimes known as Claudius the Cruel. He was involved in many wars and battles.*

*Claudius needed a strong army to fight his many wars. Many men did not want to fight as that would mean they would have to leave their wives and children.*

*Claudius came up with a plan. He forbade all men from marrying. This meant that they would have no excuse not to join the army and fight in his wars.*

*Valentine believed that people should be able to get married if they wanted to. As he was a priest, he began to help people to get married in secret, but Claudius soon found out that Valentine was marrying people in secret. He was very angry and ordered that Valentine be arrested and imprisoned.*

*While in jail Valentine became a teacher to his jailer's blind daughter, Julia. It is believed by many that Valentine performed a miracle when he asked God to cure Julia's blindness. After she was cured, Julia's father converted to Christianity.*

*On the day that Valentine died, he wrote Julia a goodbye letter and signed it from 'your Valentine'. Julia was able to read the note because God had cured her blindness. He died on the 14th of February.*

*After he died, Valentine was made a saint by the Catholic church. He is known as a martyr. His is somebody who is killed because of their beliefs.*

*Today we celebrate St. Valentine's Day by sending notes or cards, giving gifts and being kind to people we care about.*




*To Ireland and arrived in Dublin on November 10, 1836, and were brought in solemn procession to Whitefriar Street Church, where they can be seen today ?*









*Seó Faisean  Ghaelscoil Thaobh na Coille : 14 Feabhra 2020*

## Imeachtaí Scoile Dátaí don Dialann

**Seirbhísí Reiligiúnda**:  Religious Ceremonies
Céad Fhaoistin R2 Déardaoin 06/03/2025
Cóineartú R6 Aoine 28/03/2025
Céad Chomaoineach R2 Satharn 17/05/2025

**Cór Náisiúnta na nÓg:** National Children's Choir
R5/R6 Cleachtadh (TnC) Céadaoin 26/02/2025 *Rehearsal*
R5/R6 Cleachtadh Tamhlacht Luan 31/03/2025 *Rehearsal*
R5/R6 Ceolchoirm Máirt 01/04/2025 *Performance*

**Bleaist Eolaíochta** Science Blast
R4B & R5A Déardaoin 06/03/2025 RDS

**Drámaíocht** Féile Scoildrámaíochta
R5B Féile Scoildrámaíochta: An Dráma 'Guaire go Gaoth Barra' á chur os comhair an mholtóra Déardaoin 27/02/25 Baile Átha Cliath

**Claisceadal na Céime** Choral Singing Competition
R4A & R4B Déardaoin 13/03/2025 Comórtas Amhránaíocht thraidisiúnta idir scoileanna an cheantair.

**CórFhéile na Scoileanna**
R3A/R3B & Banna Ceoil Scoile Céadaoin 05/03/2025 Ionad Náisiúnta Cispheile, Tamhlacht 7.30pm

**ACCORD** RSE
R5 Luan 03/03/2025 & R6 Céadaoin 05/03/2025

**Ceoldráma ALADDIN** Musical
R5 & R6 Máirt 01/04/2025 Ceoldráma Coláiste Eoin/Íosgáin

**Laethannta Inseirbhíse** Staff Inservice Closures
10/03/2025 CMB Lá Inseirbhíse Foirne. Scoil Dúnta

14/03/2025 Dúnadh 1/2 lae Bí Cineálta. Páistí ag dul abhaile ag 12:00

**INSEIRBHÍS — CURACLAM MATAMAITICE**

**Staff In-Service - School Closed for pupils**

**LUAN 10/03/2025 SCOIL DÚNTA DO NA DALTAÍ**

**INSEIRBHÍS — BÍ CINEÁLTA**

**Staff In-Service - 1/2 day School Closure**

**AOINE 14/03/2025 PÁISTÍ AG CRÍOCHNÚ AG 12:00**



## Bí Cineálta - Polasaí Nua Frithbhulaíochta New Anti-bullying Policy

Tá nósanna imeachta nua foilsithe ag an Roinn Oideachais chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Tagann na nósanna imeachta seo, ar a dtugtar **Bí Cineálta,** in ionad na nósanna imeachta frithbhulaíochta 2013 agus tiocfaidh siad i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2025.




Soláthraíonn na nósanna imeachta nua treo agus treoir do scoileanna maidir le bearta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc.

Cé go raibh neart comhairliúchán go dtí seo, lena n-áirítear le raon leathan páistí agus daoine óga, ar a bhfuil sna nósanna imeachta Bí Cineálta, tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille ag iarraidh a chinntiú go bhforbrófar agus go gcuirfear i bhfeidhm ár bpolasaí Bí Cineálta i gcomhairle lenár bpobal scoile féin, lena n-áirítear múinteoirí, páistí agus a dtuismitheoirí.

Sna seachtainí amach romhainn, tosóidh an Bord ag forbairt a bpolasaí sa réimse seo. Chun cabhrú leis an obair seo, beimíd ag dul i dteagmháil libh chun bhúr dtuairimí faoin bpolasaí a phlé. Beidh seisiún comhairliúcháin á eagrú i gcomhair le Cumann na dTuismitheoirí d'ionadaithe de thuismitheoirí na scoile agus má tá spéis ar leith agat san ábhar seo agus go mba mhaith leat a bheith i lathair ag an seisiún seo bí cinnte go gcuireann tú é sin in iúl don choiste tríd d'ionadaí ranga.

gov.ie - Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna

*The Department of Education has published new procedures to prevent and address bullying behaviour for primary and post-primary schools. These procedures, known as **Bí Cineálta**, replace the 2013 anti-bullying procedures and come into effect from 1 September 2025.*

*The revised procedures provide direction and guidance to schools, in relation to measures to prevent and address bullying behaviour in schools.*

*While the Bí Cineálta procedures are already informed by an extensive consultation process, including with a range of children and young people, the Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille is keen to ensure that our Bí Cineálta policy is developed, and implemented in consultation with our own school community, inclduing, teachers, children and their parents.*




*Over the coming weeks, the Board will begin to develop its policy in this space. To assist with this work, we will be contacting parents to garner their views on the policy. A consultation session will be held in conjunction with the Parents' Association that will be made up of representatives of the parent body. If you have a particular interested in this matter and would like to attend this session please contact your class representative to inform them of same.*

*Click on the link below to view the procedures in detail:*
gov.ie - Bí Cineálta Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools

## Scéalta Ranga Class News

### N1A Múinteoir Ailbhe Ní Dhuibhginn



Chruthaigh na páistí i N1A crosa Bhríde sa rang chun saol Naomh Bhríd agus teacht an earraigh a chéiliúradh! Táimid tar éis a bheith ag foghlaim faoi na bláthanna agus na hainmhithe uilig atá le feiceáil mórthimpeall na háite anois. Chuamar ar shiúlóidí chun plúiríní sneachta agus lusanna an chromchinn a aimsiú agus bhaineamar taitneamh as sionnaigh a dhéanamh san ealaín.

*NIA made St. Brigid's crosses to celebrate St. Brigid's life and the arrival of Spring! We have been learning about all of the different flowers and animals that we can see around us now. We went on nature walks to search for snowdrops and daffodils and we really enjoyed making foxes in art.*



### N2A Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh

Tá a lán obair ar siúl againn faoi láthair agus tá na páistí ag baint an-taitneamh as. Tosaímid gach lá leis na gníomhachtaí maidine agus bíonn na páistí réidh le tabhairt faoin obair láithreach.
Tháinig Abigail ó Rang a 6A chugainn chun ceol álainn a sheinnt ar an bhfeadóg mhór. Bhí na páistí an-tógtha leí.
Léigh Finn, Thomas agus PJ scéal ag an tinóil agus tá a lán páistí ag scríobh scéalta as a stuaim féin anois freisin.
Tá roinnt páistí ag déanamh a lán obair breise sa Mhata agus bhronn mé teastas 'Matamaiticeoir na Seachtaine' orthu.
Bhí téama bia againn in Aistear agus rinne na páistí obair iontach le taos agus sa drámaíocht.



*There is a lot of working going on in N2A and the children are enjoying it. We start the day with the activities which are set up when the children come in and they are ready to get to work as soon as they come in.*
*Abigail from Class 6A came to play music for the children on the Irish Flute. Finn and Thomas and P.J read a story at the junior class assembly and a lot of children are writing their own stories too.*
*Some children are doing a lot of extra Maths and at Thomas's suggestion I have started to give out a Maths certificate . Our Aistear theme was Bia and the class did some great work with playdough.*



**R4A Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh**

Beidh ár rang ag glacadh páirte sa Bhleaist Eolaíochta an mhí seo chugainn san RDS. Táimid gnóthach ag déanamh tástálacha éagsúla chun uisce salach a ghlanadh. Fuaireamar amach go bhfuil carbón gníomhachtaithe agus olann cadás go maith ag baint dath amach as uisce le péint. D'úsáideamar córas eas scagachán lámhdéanta (as Lego agus cáirtchlár) chun an próiséas seo a dhéanamh. Buíochas le hAlma, mamaí Damian, a tháinig isteach le caint eolaíoch a thabhairt don rang maidir le tabhairt faoi triallacha eolaíochta. Bíonn na daltaí ag caint faoi nithe an-spéisiúla a thugann siad isteach don 'Inis agus Taispeáin'.



*Our class will be taking part in the Science Blast next month in the RDS. We are busy doing various tests to clean dirty water. We have found that activated carbon and cotton wool are good at removing colour from water with paint. We used a handmade filtration waterfall system (made from Lego and cardboard) to carry out this process. Thanks to Alma, Damian's mum, who came in to give a scientific talk to the class about undertaking science experiments. The students talk about very interesting facts that they bring in for their 'Show and Tell'.*

**R2B Múinteoir Ciara Ní Bháille**

Bhí Rang 2B ag foghlaim faoin tSín le cúpla seachtain anuas. Bhaineamar an-taitneamh as eolas a bhailiú faoi Bliain Nua na Síneach agus ealaín a dhéanamh bunaithe ar an téama seo.

*We have been learning about China in Rang 2B for the past few weeks. We really enjoyed gathering information about Chinese New Year and creating art based on this fun topic.*






**R3A Múinteoir Sarah-Jane Ní Choillte**

Tá údair óga Rang 3A gnóthach ag cumadh scéalta & ag tarraingt léaráidí don tionscnamh 'Scríobh Leabhar'. Thosaíomar ranganna damhsa ar an sean-nós le Sibéal Davitt agus tá cúpla céim nua foghlamatha againn cheana féin. Rinneamar ceiliúradh ar Lá 'le Bríde ag tús na míosa le scéalta, ealaín agus crosóga Bhríde. Tá scileanna fuála á chleachtadh againn le bróidnéireacht do Lá Fhéile Vailintín. Sa tíreolaíocht, táimid ag foghlaim faoin Spáinn - tá cuma álainn ar na 'Churros' agus teas na gréine ann!



*The young authors in Rang 3A have been busy writing and illustrating for the 'Write a Book' project. We began learning some sean-nós dance steps with Sibéal Davitt. We marked St.Brigid's Day and the beginning of spring with stories, artwork and cross weaving. A new skill we are exploring is sewing as we create embroidered pieces in celebration of St.Valentine's Day. Sunny Spain is our focus in geography at the moment and we are enjoying finding out about the delicious food and warm climate.*



### R5B Múinteoir Mícheál de Bhailís

Rinne Rang 5A tionscadail faoin Nua Shéalainn agus rinne Rang 5B tionscadail faoin Astráil. Bhaineamar taitneamh as ár dtionscadail faoi na tíortha suimiúla seo a roinnt lena chéile. San ealaíon rinneamar éin origami agus ainmhithe as cré.



*Rang 5A worked on projects about New Zealand and Rang 5B did projects about Australia. We enjoyed sharing the information we learned about these two interesting countries with each other. In art we made origami birds and animals from clay.*

### R6B Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

Bhíomar i mbun ealaíona an tseachtain seo i rang 6B le Lá Fhéile Vailintín a chéiliuradh ar an Aoine. Tá na pictiúrí bunaithe ar dhearthóir agus ealaíontóir darbh ainm Chris Uphues.

*We were creating art this week in R6B to celebrate Valentine's Day on Friday. The paintings are based on a designer and artist named Chris Uphues.*



### R3B Múinteoir Jack Ó Loineacháin

Tá R3B ag obair go díograiseach agus ag baint sult as neart foghlama gníomhaí faoi láthair. Chuamar ar shiúlóid dúlra timpeall na scoile le déanaí ar thóir comharthaí an earraigh agus ghlacamar cúpla grianghraf de phlandaí ag bláthú, ach bhí an lochán in aice linn fós reoite! I gcúrsaí eolaíochta, d'fhoghlaíomar faoi mhaighnéadas agus bhí deis iontach againn mionrabh iarainn a úsáid le maighnéid faoi pháipéar. Ba am iontach é!



*R3B has been working diligently and enjoying lots of active learning recently. We went on a nature walk around the school in search of signs of spring and captured some photos of plants in bloom—but the nearby pond was still frozen! In science, we learned about magnetism and had a fantastic opportunity to use iron filings with magnets under paper. It was a great experience for us!*



**R4A Múinteoir Mícheál Ó Mocháin**

Le ceiliúradh a dhéanamh ar an mbliain nua Síneach bhí seans ag na daltaí i rang a 4A a n-ainmneacha a scríobh i Sínis, seo'd cuid de na samplaí iontach a rinne siad i rith an tréimhse sin.




*To celebrate the Chinese New Year the pupils in R4A learned how to write their names in Chinese, here are some examples of the great calligraphy they did during that time.*

**R2A Múinteoir Lauryn Bhreathnach**

Tá Rang a 2A an-gafa faoi láthair. Bhíomar ag foghlaim faoi bhia i nGaeilge agus conas oideas cócaireachta difriúla a leámh. Chruthaíomar ár n-oideas féin i gcomhair píotsa agus rinneamar ár bpíotsa féin sa rang comh maith. Bhíomar ag foghlaim faoin tSín agus rinneamar a lán ealaín bunaithe ar an mbliain ghealaí. D'fhoghlamaíomar conas ár n-aimneacha a scríobh i Sínis chomh maith. Táimid ag úllmhú i gcomhair An Chéad Fhaoistin faoi láthair.





*We are extremely busy in R2A at present. We were learning and discussing food and cooking in our Irish classes and learnt how to read different recipes as Gaeilge. We created our own pizza recipe and made our very own pizza in class as well. We were learning about China and did a lot of art based on the lunar new year. We also learned how to write our names in Chinese. We are currently preparing for our First Confessions.*

**R5A Múinteoirí Eavan Ní Mhuirgheasa & Sadhbh Rosenstock**

Beidh rang a R5A ag glacadh páirte sa Bhleaist Eolaíochta san RDS an mhí seo chugainn. Tá na páistí an-ghnóthach ag réitiú don chur i láthair. Bhí turgnaimh taitneamhach ar siúl againn sa rang ag fiosrú an mbíonn tionchar ar an gcineál ola a úsáidtear ar éifeacht lampa laibhe. Tá muid ar bís le dul go dtí an RDS agus ár n-obair a thaispeáint ar an lá!

*Rang 5A are taking part in this years Science Blast that will take place next month in the RDS. The children are very busy preparing for their presentation. We have done a lot of experiments in class investigating does the type of oil used to create a lava lamp have an effect on the lamp. We're very excited and can't wait to showcase our results on the day!*








**R6A Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh**

Is rang an-spóirtiúil iad R6A agus an leath-théarma seo bhíodar ag feabhsú a gcuid scileanna cispheile.



*R6A are a very sporty class and this term they were improving on their basketball skills.*



**N1B Múinteoir Deirdre Ní Dhochartaigh**

Táimid ag coiméad súil ghéar amach do bhláthanna an Earraigh atá ag fás sa cheantar i N1B. Tá na pluiríní sneachta agus lus an chromcinn feicthe againn go dtí seo. Táimid anois ag coinneáil súil amach don sabhaircín.



*We are learning all about wildflowers that are growing in our locality in Rang N1B. We have spotted snowdrops and daffodils so far. We are now keeping an eye out for yellow primroses which.*

*Seo grianghraf de phluiríní sneachta atá ag fás i ngairdín Laoise.*

**R1A Múinteoir Emma de Róiste**

Tá R1A ag obair go dian, ag foghlaim faoin Earrach agus na hathruithe atá ag teacht leis an séasúr agus an saol nua a thagann leis. Tá siad ag ullmhú ealaíon álainn do Lá Fhéile Vailintín faoi láthair. Is breá leis na páistí a bheith ag canadh, agus na hamhráin is fearr leo a bheith ag canadh faoi láthair ná 'Beidh Aonach Amárach' agus 'Cailín na Gaillimhe'.

*R1A are working hard now, learning all about spring and the changes and new life that the season brings. We are very busy preparing art for Valentine's Day this week! The children love to sing and learn new songs; their favourite songs to sing in class at the moment are 'Beidh Aonach Amárach' and 'Cailín na Gaillimhe'.*



Is tú mo VAILINTÍN
Is tú mo GHRÁ
Cad eile is féidir
a RÁ ?





### R1B Múinteoir Hannah Nic Uaid

Bhí Rang 1B ag foghlaim faoi Naomh Bríd. Rinneamar crosóga Bhríde agus rinneamar clóca Naomh Bríd as páipéar. Tá an rang ag foghlaim faoin Earrach faoi láthair agus na bláthanna a bhíonn ag fás.

*Rang 1B have been learning about St. Brigid. We made St. Brigid's crosses from pipe cleaners, and we created her cloak be weaving paper. The class are also learning all about spring and the different flowers that grow in springtime.*






### N2B Múinteoir Deirdre Uí Dhiomsaigh

Tháinig na Ríthe chuig an Bheithlín ranga anseo in N2B ar an gcéad lá ar ais ar scoil. Bhí an aimsir fuar, fliuch stoirmiúil i Mí Eanáir agus bhíomar ag scríobh agus ag déanamh ealaíne bunaithe ar an ábhar seo. Bhíomar ar fad ar bís cloisteáil gur rugadh Katie, deirfiúr beag nua Molly lár Mí Eanáir. Anois táimid ag tnúth le Lá Vailintín agus laethanta geala an Earraigh.

*The three kings arrived to our class crib in N2B on the day we returned to school. The weather was cold wet and stormy this month and we did lots of art and writing on this topic. We were thrilled and excited to hear of the arrival of Molly's new little sister Katie. Now we are looking forward to St. Valentine's Day and the bright days of Spring.*





*Gaelscoil Thaobh na Coille*
*Beallairmín*
*An Chéim*
*B.Á.C. 18*

**FOLÚNTAIS**

**CÚNTÓIR RIACHTANAS SPEISIALTA**

**CRS/SNA**

1 x Lánaimseartha (32 uair)
1 x Páirtaimseartha (0.5 / 16uair)

**GAELSCOIL THAOBH NA COILLE**

Beallairmín
An Chéim
B.Á.C. 18
D18TK40

**Le tosú: Márta 2025**

Is í an Ghaeilge an teanga teagaisc agus an teanga chumarsáide idir na múinteoirí, an fhoireann tacaíochta, na daltaí agus an bhainistíocht i nGaelscoil Thaobh na Coille.

Is gá go mbeadh Gaeilge labhartha fheidhmeach ag an té a ceaptar sa phost seo.

Litir Iarratais, Foirm Iarratais mar Chúntóir Riachtanas Speisialta, Uimhreacha Teagmhála Moltóirí, & Teastaisí oiriúnacha le seoladh ar r-phost chuig:

2025taobhnacoille@gmail.com tráth nach déanaí ná 18/02/2025.

Fógra www.educationposts.ie: Dé Máirt 04/02/2025




## Éire ag Léamh 2025!

Tá Leabharlanna na hÉireann, Leabhair Pháistí Éireann, NALA agus dreamanna eile i gcomhpháirtíocht arís chun an tír ar fad a chur ag léamh an mhí seo roimh Éire ag Léamh ar Dé Sathairn an 22 Feabhra.

Táimid ag iarraidh ar gach duine gealltanas a ghlacadh chun 'dul ar strae i leabhar maith' le linn Mí Feabhra nó ar Lá Léann Muintir na hÉireann é féin, an 22 Feabhra – cé acu leabhar, nuachtán, greannán a léamh – pé saothar a oibríonn duit féin!

Tabhair cuairt ar www.irelandreads.ie, áit ar féidir Inspioráid éigin léitheoireachta a fháil Níl le déanamh agat ach an cineál leabhair is fearr leat a chur isteach, cé mhéad ama is a bhíonn agat le léamh gach lá agus molfaidh an suíomh gréasáin leabhar agus inseoidh sé duit cá fhad a ghlacfaidh sé chun é a léamh.

Tabhair cuairt ar do leabharlann i Mí Feabhra nó ar Lá Éire ag Léamh Tá go leor beartaithe ag leabharlanna do gach aoisghrúpa le linn mhí Feabhra agus ar an Satharn, an 22 Feabhra le haghaidh Éire ag Léamh.

## Ireland Reads 2025!

*Local Libraries, Children's Books Ireland, Age Friendly Ireland, Adult Literacy for Life, NALA and others are partnering once again to get the whole country reading this month in the lead up to Ireland Reads Day on Saturday, 22nd of February.*

*'Get lost in a good book' during February or on Ireland Reads Day itself, February 22. Ireland Reads is like a couch to 5k for books. It's all about celebrating reading, whether that's reading a book, a newspaper, a comic – whatever grabs your interest!*

*Visit www.irelandreads.ie, where you can: Get some reading inspiration – simply enter the type of book you like best, how long you have available to read each day and the website will suggest a book and tell you how long it will take to read it.*

*Visit your library during February or on Ireland Reads Day. Libraries have lots planned for all ages during February and on Saturday, February 22 for Ireland Reads Day.*

*Check www.IrelandReads.ie or your library website for details of what's happen-*







